



An
Phríomh-Oifig
Staidrimh

Central
Statistics
Office



Fíricí agus Figiúirí na hÉireann


2018

Fáilte

I bhFíricí agus Figiúirí na hÉireann 2018, léirítear pictiúir cuimsitheach staitistiúil d'Éirinn le faisnéis, táblaí agus graif mhionsonraithe agus ildaite.

Cumhdaítear réimse leathan ábhar ann ó shonraí arna bhfoilsiú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i rith na bliana.

B'ionann daonra na
hÉireann in 2018 agus
4,857,000



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh (Meastacháin Daonra agus Imirce)

Imeachtaí Saoil

Breitheanna

Rugadh 62,053 leanbh in 2017;
líon atá 1,844 nó 2.9% níos lú
ná 2016.

Is iad Jack, James, Daniel, Conor agus Seán/Sean na cúig ainm buachalla is coitianta in Éirinn ó bhí 2007 ann, gan ach athruithe beaga ó thaobh oird de tagtha orthu sin. Is í seo an seachtú bliain as a chéile gur Emily an t-ainm cailín is coitianta. Is iad Emily, Emma, Amelia, Grace agus Sophie na cúig ainm is coitianta do chailíní a rugadh in 2017.



In 2016, rugadh...



cúpla do
1,189
máthair



tríríní do
24
máthair



ceathrairíní do
2
máthair

Póstaí

Tharla 22,021 pósadh in 2017, sin laghdú 605 nó -2.7% ar fhigiúirí 2016.

Astu sin, tharla 759 pósadh comhghnéis in 2017, sin laghdú 297 nó -28.1% ar fhigiúirí 2016.



Básanna


Cláraíodh 30,484 bás in 2017, sin méadú 0.3% (nó 94 bás) ar fhigiúirí 2016.

Neoplasmaí urchóideacha (ailse) nó galair imshruthaithe ba chúis le beagnach trí chúigiú (18,102) de na básanna sin.



Fostaíocht agus Dífhostaíocht

I Ráithe 3 2018, b'ionann líon iomlán na ndaoine 15 bliana d'aois agus os a chionn agus 3,860,200. Méadú 61,400 nó 1.6% ab ea é seo ar an tréimhse chéanna sa bhliain roimhe. As an líon sin daoine, seo iad na príomhfhigiúirí maidir le cúrsaí fostaíochta agus dífhostaíochta:




An Lucht Saothair	2,417,000	+46,900	+2.0%
Fostaithe:	2,273,200	+66,700	+3.0%
Lánaimseartha:	1,812,900	+44,200	+2.5%
Páirtaimseartha:	460,300	+22,500	+5.1%
Dífhostaithe:	143,800	-19,700	-12.1%
Ráta Dífhostaíochta (Daoine 15–74 bliana d'aois)			6.0%

In R2 2018, bhí 11.8% de leanaí 0–17 bliana d'aois agus 10.2% de dhaoine faoi bhun 60 bliana d'aois ina gcónaí i líonta tí gan duine fostaithe.

Daltaí, Mic Léinn agus Oideachas


Seo iad líon na ndaltaí san oideachas bunleibhéil agus dara leibhéal, agus líon na mac léinn san oideachas tríú leibhéal. Is ríléir uathu an méadú atá tagtha ar líon na ndaoine san oideachas dara agus tríú leibhéal le 50 bliain anuas.

Líon na ndaoine san oideachas lánaimseartha de réir leibhéil



¹Lena n-áirítear cúrsaí iar-Ardteistiméireachta


Líon na scoileanna agus na gcoláistí in Éirinn 2017:



Sláinte

Rómheáchan/Otracht

Rangaítear duine mar dhuine **róthrom** má tá a nInnéacs Corpmhaise (ICM) níos mó ná 25 agus rangaítear duine mar dhuine **murtallach** má tá ICM 30 nó níos mó acu.



Rangaíodh 60% de dhaoine mar dhaoine róthrom nó murtallach in 2015. Bhí an céatadán sin tar éis méadú go 62% in 2017.

Ragús Óil

Déanann saineolaithe sláinte, lena n-áirítear an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, an rágús óil a shainmhíniú mar sé cinn nó níos mó de ghnáthdheoch a ól in aon suí amháin. Is ionann sin agus trí cinn nó níos mó de phionta beorach nó sé thomhas biotáille an teach tábhairne nó níos mó.

In 2015, dúirt 39% de dhaoine 15 bliana d'aois agus os a chionn go ndéanann siad ragús óil ar bhonn rialta. Tháinig laghdú beag ar an gcéatadán sin in 2016 go 37% agus tháinig méadú air arís in 2017 go 39%.



Comhshaol

In 2016, b'ionann astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann agus 61.5 milliún tonna de dhé-ocsaíd charbóin. Ba laghdú é sin i gcomparáid le 68.9 milliún tonna, an meán bliantúil astaíochtaí is airde sna blianta 2000–2004, ach tá sé 3.6% níos airde ná mar a bhí sé in 2015.

2000
go 2004

2016

In 2017:

B'ionann cánacha comhshaoil a gearradh ar **líonta tí** agus €3.1 billiún; sin 61% d'iomlán na gcánacha chomhshaoil.

D'íoc na **tionscail seirbhíse** cánacha comhshaoil arbh fhiú €1.5 billiún iad, an méid is airde riamh; sin 29% d'iomlán na gcánacha comhshaoil.

Gearradh cánacha comhshaoil €0.43 billiún ar **earnáil na tionsclaíochta**; sin sciar 8.3%.

Gearradh cánacha comhshaoil €0.09 billiún ar **earnáil na talmhaíochta**; sin sciar 1.7% d'iomlán na gcánacha chomhshaoil.



Ionchuimsiú Sóisialta



Ioncam indiúscartha seachtainiúil líon tí 2017

+€41.59 / +4.7%
ón mbliain roimhe sin.



€929.01

Ioncam indiúscartha seachtainiúil líon tí 2017

Ioncam indiúscartha seachtainiúil duine aonair 2017

+€24.94 / +5.5%
ón mbliain roimhe sin.



€478.79

Ioncam indiúscartha coibhéisithe seachtainiúil in aghaidh an duine 2017


Meán-ioncam indiúscartha seachtainiúil de réir an líon tí agus de réir an duine aonair 2007–2017

Ioncam indiúscartha líon tí



2007	2017
€919.66	€929.01

Ioncam indiúscartha coibhéisithe seachtainiúil in aghaidh an duine



2007	2017
€452.47	€478.79


Díth agus Bochtaineacht

18.8% – Céatadán an phobail a mheastar a bheith ag maireachtáil faoi ‘dhíth éigeantach’.

Sainmhínítear céatadán an phobail a mheastar a bheith ag maireachtáil faoi ‘dhíth éigeantach’ mar an céatadán daoine nach bhfuil sé d’acmhainn acu dhá cheann nó níos mó de rudaí bunúsacha a cheannach, mar shampla a bheith fágtha gan teas ar feadh tréimhse le bliain anuas, nó gan é a bheith d’acmhainn acu rudaí eile bunúsacha a cheannach, amhail dhá phéire láidir bróg, cóta te uiscédhíonach nó béile ina áirítear feoil, sicín nó iasc gach dara lá.

15.7% – Ráta ‘riosca na bochtaineachta’: is é sin sciar na ndaoine a raibh ioncam níos lú ná 60% den mheánioncam náisiúnta acu.


6.7% – Ráta na ‘bochtaineachta comhsheasmhaí’: is é sin daoine atá i mbaol na bochtaineachta agus atá ag maireachtáil faoi dhíth éigeantach freisin.



Tuilleamh

In 2017, tháinig méadú 2.0% ar an meántuilleamh bliantúil go €37,646, suas ó €36,920 in 2016.

Meántuilleamh bliantúil 2017



fostaithe
lánaimseartha

€46,402

méadú 1.7% ó 2016


fostaithe
páirtaimseartha

€17,059

méadú 3.2%


An tSochaí Faisnéise

Tá suíomh gréasáin nó leathanach baile ag 74% d'fhiontair in Éirinn.



69%

díobh a úsáideann na meáin shóisialta



99%

díobh a úsáideann ríomhaire

42%

díobh a úsáideann an t-idirlíon chun rochtain ar chatalóga nó praghasliostaí a éascú



25%

díobh a úsáideann an t-idirlíon chun rochtain ar ordú nó áirithintí ar líne a éascú



Gnó

D'fhostaigh **fiontair mhóra** (250+ fostaithe) **nach mór 32% d'iomlán na ndaoine fostaithe** in 2016 agus is ionann na fiontair mhóra sin agus 0.2% de líon iomlán na bhfiontar.



Is ionann **Gnólaictaí Beaga agus Meánmhéide** (GBManna) agus 99.8% de líon iomlán na bhfiontar in 2016 agus tá **níos mó ná 68% d'iomlán na ndaoine fostaithe** acu.



Shaothraigh GBManna 50.2% d'iomlán an láimhdeachais sa gheilleagar gnó agus meastar gur shaothraigh siad 41% den Oll-bhreislúach (OBL)

D'fhostaigh fiontair ilnáisiúnta eachtracha in Éirinn 293,147 duine agus shaothraigh siad €345 billiún ó thaobh láimhdeachais de. Shaothraigh fiontair faoi úinéireacht eachtrach 53.5% den láimhdeachas iomlán agus 58.8% den OBL iomlán i ngeilleagar gnó na hÉireann.

In 2016, shaothraigh fiontair ilnáisiúnta Éireannacha thar lear láimhdeachas de bhreis ar €192 billiún, agus ba le fiontair chleamhnaithe sna Stáit Aontaithe nó sa Ríocht Aontaithe 58% den mhéid sin. Bhí 856,049 fostaithe ag fiontair ilnáisiúnta Éireannacha thar lear, agus bhí 36% díobh sin sna Stáit Aontaithe nó sa Ríocht Aontaithe.

Fiontair ilnáisiúnta eachtracha in Éirinn




Fiontair ilnáisiúnta Éireannacha thar lear

Tithíocht

In 2017, tháinig méadú 23.7% ar an líon tithe nua a tugadh **cead pleanála** dóibh agus méadú 37.0% ar an líon árasán nua.

Críochnú Aonad Chónaithe Nua 2017



Praghasinnéacs Réadmhaoine Cónaithe

Sa bhliain go Nollaig 2017, tháinig méadú 11.7% ar phraghsanna tí go náisiúnta.



Sa bhliain go Nollag 2018, tháinig méadú 6.4% ar phraghsanna tí go náisiúnta.

Creidmheas na hEarnála Príobháidí in Éirinn

Bhí €74.8 billiún amuigh ar iasachtaí ceannaithe tí in 2017, as iomlán de €179 billiún in iasachtaí bainc don earnáil phríobháideach in Éirinn.

Iasachtaí chun tithe a cheannach:
+ €1.3 billiún
nó +1.8% ar fhigiúr 2016.

Foinsí: An Phríomh-Oifig Staidrimh (Ceadanna Pleanála, Críochnú Aonaid Chónaithe Nua, Praghasinnéacs Réadmhaoine Cónaithe) agus Banc Ceannais na hÉireann.

Geilleagar

OTI agus OTN

Tá dlúthbhaint idir Olltáirgeacht Intíre (OTI) agus Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN). Tomhasann OTI breisluach (nó aschur) iomlán an gheilleagair i dtréimhse áirithe, .i. luach na hoibre arna déanamh ag fostaithe, cuideachtaí agus daoine féinfhostaithe.

OTI 2017 ag praghsanna tairiseacha an mhargaidh = €293 billiún (+7.2%)

Gineann an obair seo ioncaim ach ní fhanann gach ioncam a shaothraítear sa gheilleagar i seilbh chónaitheoirí na tíre (agus féadfaidh cónaitheoirí roinnt ioncam a shaothrú thar lear freisin). Is éard atá in OTN ná an t-ioncam iomlán a bhíonn fágtha ag cónaitheoirí Éireannacha agus is é an difear atá idir é agus OTI ná méid glan an

ioncaim a sheoltar chuig, nó a fhaightear ó, áiteanna thar lear.

OTN 2017 ag praghsanna tairiseacha an mhargaidh = €231.9 billiún (+4.4%)

Is éard atá in OTN ná suim OTI agus an glanioncam fachtóra ón gcuid eile den domhan, arbh é an difríocht idir ioncam ó infheistíocht agus ioncam saothair arna shaothrú ag cónaitheoirí agus cuideachtaí thar lear (insreabhadh) agus ioncam dá shamhail arna shaothrú ag neamhchónaitheoirí in Éirinn (eis-sreabhadh).

I gcás na hÉireann le roinnt blianta anuas, bhí an méid a shaothraigh daoine thar lear níos mó ná an méid a fuarthas ó áiteanna thar lear, de bharr bhrabús na gcuideachtaí faoi úinéireacht



eachtrach den chuid is mó, agus tá OTN na hÉireann níos lú ná OTI na hÉireann anois dá bharr sin.

Ríomhtar OTI agus OTN ag praghsanna tairiseacha slabhraithe freisin. Faigheann sé seo réidh le hathruithe ar bith atá tar éis tarlú idir blianta agus ligeann sé dúinn féachaint ar athruithe i méid (nó ráta fáis) an gheilleagair.

Airgeadas Rialtais

B'ionann easnamh rialtais don bhliain 2017 agus €0.7 billiún (-0.2% de OTI), feabhsú ar easnamh €1.5 billiún in 2016 (-0.5% de OTI)

Is ionann barrachas/easnamh ginearálta rialtais agus an difríocht idir suim ioncam ginearálta rialtais, agus suim caiteachas ginearálta rialtais uile agus léirítear é mar chéatadán OTI. Ciallaíonn barrachas go bhfuil ioncam

rialtas níos mó ná caiteachas rialtais agus mar sin bheadh figiúr deimhneach i gceist, cé go mbeadh luach diúltach i gceist le heasnamh (i gcás go bhfuil caiteachas rialtais níos mó ná ioncam rialtais).

B'ionann an tOllfhiachas Rialtais do 2017 agus €201.3 billiún (68.4% de OTI), i gcomparáid le figiúr 2016 de €200.7 billiún (73.4% de OTI)

Is éard atá in Ollfhiachas Rialtais ná luach ainmniúil aicmí áirithe de dhliteanais (airgeadra agus taiscí, urrúis nach scaireanna nó iasachtaí iad (gearrthéarmacha agus fadtéarmacha)) ar leis an Rialtas iad agus a léirítear anseo mar chéatadán de OTI bliantúlaithe. Is figiúr comhlán é seo, .i. léirítear taobh na ndliteanas amháin de chlár comhardaithe an rialtais (ní léirítear sócmhainní).

Comhardú na nÍocaíochtaí

I sonraí Chomhardú na nÍocaíochtaí, léirítear sreafaí geilleagracha leis an gcuid eile den domhan.

Is iad onnmhairí lúide allmhairí den chuid is mó a spreagann an t-iarhmhéid ar an gcuntas reatha. De ghnáth, léirítear le hiarmhéid deimhneach ar an gcuntas reatha go bhfuil onnmhairí níos mó ná allmhairí agus a mhalairt le hiarmhéid diúltach. Don bhliain 2017, bhí barrachas €24.9 billiún ar an gcuntas reatha.



B'ionann méid iomlán na n-earraí agus seirbhísí a onnmhairíodh agus €352.6 billiún



B'ionann méid iomlán na n-earraí agus seirbhísí a allmhairíodh agus €263.3 billiún

**Barrachas trádála mhéid iomlán na n-earraí agus seirbhísí – go léir
€89.3 billiún**

**Barrachas trádála mhéid iomlán na n-earraí agus seirbhísí – RA
€10.2 billiún**

Trádáil

Onnmhairiú earraí a thugtar ar thráchtearraí a chur ó tír amháin go tír eile lena ndíol. An rud is onnmhaire é sa tír a chuireann amach é, is allmhaire é sa tír a thugann isteach é.

Allmhairiú earraí a thugtar ar thráchtearraí a thabhairt isteach ó tír amháin go tír eile lena ndíol. An rud is allmhaire é sa tír a thugann isteach é, is onnmhaire é sa tír a chuireann amach é.

Luach na n-earraí a onnmhairíodh in 2017

€122,551 milliún

+2.7% nó €3,259 milliún 2016 go 2017



Luach na n-earraí a allmhairíodh in 2017

€79,063 milliún

+6.7% nó €4,932 milliún 2016 go 2017


**Comhardú i leith trádála in earraí
(onnmhairí lúide allmhairí)**

Barrachas +€43.488 milliún in 2017

Meánphraghsanna Náisiúnta ón bPraghasinnéacs Tomhaltóirí

Prátaí 2.5 kg	€3.18	+0.6%	▲
Builín Slisnithe Donn 800g	€1.39	+2.2%	▲
Bainne lánmhéathrais – 2 lítear	€1.69	-1.2%	▼
Leann dubh ar tarraingt – teach tábhairne 1 pionta	€4.43	+2.3%	▲
Peitreal gan luaidhe – 1 lítear	€1.36	+6.3%	▲
Díosail – 1 lítear	€1.25	+8.7%	▲
Mairteoil Rósta – más/féith 1 kg	€13.26	-0.2%	▼
Filléid Troisc 1kg	€16.00	+0.3%	▲
Cáis Chéadair 1kg	€9.88	-3.9%	▼
Fuisce – buidéal le tabhairt abhaile 70cl	€24.75	-2.1%	▼
Bearradh gruaige tirim d'fhear	€12.12	+1.5%	▲
Níochán, bearradh gruaige agus séidtriomú do bhean	€38.85	+0.8%	▲
Toitíní - scagtha, paca 20	€11.43	+6.1%	▲
Ticéad pictiúrlainne	€9.47	+2.7%	▲

Turasóireacht



9,932,000
Iomlán na dturas isteach
go hÉirinn 2017

€4.87 billion
Caiteachas iomlán
in Éirinn (ag eisiamh
táillí taistil)

**Saoire/fóillíocht/
áineas an chúis
ba mhó a bhain
leis na turais seo**

8,171,000
Iomlán na dturas amach
ar a ndeachaigh cónaitheoirí
na hÉireann

€6.89 billion
caiteachas thar lear
déanta ag cónaitheoirí
na hÉireann

**Saoire an chúis
ba mhó a bhain
le turais amach
agus turais intíre**




9,626,000
Iomlán na dturas intíre
a rinne cónaitheoirí
na hÉireann

€1.88 billion
caiteachas intíre
déanta ag cónaitheoirí
na hÉireann

Iompar

Líon na ngluaisteán príobháideach arna gceadúnú don chéad uair de réir an chineáil bhreosla agus banda astaíochtaí CO₂, 2017.



¹ Níl bandaí astaíochtaí CO₂ ar fáil ach amháin le haghaidh feithiclí arna gclárú faoi CBL catagóir A.

Talmhaíocht

In 2016, bhí 137,500 feirm in Éirinn.

Bhí níos mó ná leath d'fheirmeacha uile an stáit (52.7%) lonnaithe i Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair (TLTI). Ba é 32.4 heicteár an meánmhéid feirme. Bhí feirmeacha i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir (DO) 41.3% níos mó ná feirmeacha i Réigiún an TLTI.

Líon na bhfeirmeacha, meánmhéid na bhfeirmeacha agus meán-aschur caighdeánach, de réir réigiúin in 2016

	Stát	TLTI	DO
Líon iomlán na bhfeirmeacha (mílte)	137.5	72.5	65.0
Meánmhéid feirme (ha)	32.4	27.1	38.3
Meán-aschur caighdeánach	€45,945	€28,874	€64,992

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh (Suirbhé ar Struchtúr Feirme 2016)

Aois sealbhóirí feirme

Go hiondúil, is lucht saothair atá ag dul in aois a oibríonn in earnáil na talmhaíochta. In 2016, bhí thart ar aon cheathrú de shealbhóirí feirme in Éirinn 65 bliana d’aois agus os a chionn. Ní raibh ach 5% de dhaoine níos óige ná 35 bliana d’aois.



(mílte)

Aois	2010	2013	2016
Níos óige ná 35	8.7 	8.2 	7.4 
35-44	24.6 	22.8 	21.4 
45-54	34.6 	34.8 	32.5 
55-64	35.1 	35.6 	34.7 
65 agus níos sine	36.6 	37.7 	41.2 


Barraí agus Beostoc

In 2017, b’ionann talamh chomhcheangailte an stáit a bhí faoi arbhar (cruithneacht, coirce agus eorna) agus 271,000 heicteár (ha) i gcomparáid le 1,017,000 heicteár in 1847. In 1847, ba choirce a bhí curtha ar 61% den talamh a bhí faoi arbhar. Faoi 2017, áfach, bhí an céatadán sin tar éis titim go 9% agus eorna a bhí curtha ar 66% den talamh faoi arbhar. In 2017, ní raibh prátaí ag fás ach ar 9,000 ha.



Iascaireacht

€280.6 milliún –
Luach na n-éisc curtha i dtír
ag báid Éireannacha in **2016**.
+15.6% ó fhigiúr **2015**.



© **Rialtas na hÉireann 2019**

Ábhar arna chur i dtoll a chéile agus arna chur i láthair ag an bPríomh-Oifig Staidrimh.

Tá atáirgeadh údaraithe, faoi réir aitheantas a thabhairt don fhoinsé.

Tuilleadh eolais ar fáil ag:
www.cso.ie/en/baile/eolasfuinn/beartascoipchirt



+353 21 453 5000

www.cso.ie/ga

eolas@cso.ie

 twitter.com/POSTaidrimh

 facebook.com/CSOIreland

 youtube.com/CSOIrelandMedia